TREOIR IDIRGHNÍOMHAIREACHTA I MBEAGÁN FOCAL

# Galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí

## Nuashonrú 2023

## Cúlra

Leanann heipitíteas B agus C, VEID agus eitinn (TB) de bheith i gcúrsaíocht agus de bheith ina gcúis le galracht agus básmhaireacht shuntasach san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (AE/LEE) agus i dtíortha i limistéar Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE).

Tá na galair sin dírithe ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) 3.3 de chuid na Náisiún Aontaithe, arb é atá ann 'deireadh a chur le heipidéimí SEIF, eitinne, maláire agus galair thrópaiceacha a ndéantar faillí iontu agus dul i ngleic le heipitíteas, galair uisce-iompartha agus galair theagmhálacha eile' faoi 2030. Ní bhainfidh tíortha an sprioc SDG sin amach mura dtugtar aghaidh ar na galair sin i ngach daonra, lena n-áirítear i measc daoine a insteallann drugaí.

Is amhlaidh atá toisc go bhfuil úsáid drugaí insteallta fós ina toisc thábhachtach riosca maidir le galair thógálacha fuil-iompartha (e.g. heipitíteas B agus C, VEID) a tholgadh agus go bhfuil daoine a insteallann drugaí i mbaol mór maidir le galair thógálacha eile a tholgadh (e.g. ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna), eitinn) i limistéar AE/LEE agus BCE.

Tá sé tábhachtach galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí toisc go laghdaíonn na galair sin caighdeán na beatha agus ionchas saoil aon duine aonair. Ina theannta sin, tá baol ann go ndéanfar tarchur ar aghaidh chuig daoine eile, lena n-áirítear iad siúd nach ndéanann drugaí a instealladh.

I ndeireadh na dála, is féidir costais indíreacha agus dhíreacha don tsochaí a bheith mar thoradh orthu trí, mar shampla, táirgiúlacht chaillte, agus ardchostais chóireála agus chúraim.

## Aidhm agus spriocphobal

Is é is aidhm don treoir chomhpháirteach ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus ón Lárionad Eorpach Faireacháin um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) tacú le lucht ceaptha beartas agus le pleanálaithe clár sláinte poiblí/sóisialta tríd an mbonn fianaise a neartú chun straitéisí, beartais agus cláir náisiúnta a fhorbairt chun ionfhabhtuithe agus galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí.

## Tairbhí idirghabhála a uasmhéadú

Chun an tairbhe is mó is féidir a sholáthar, ba cheart na hidirghabhálacha sin a chistiú go leordhóthanach agus a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail maidir le cosc agus le soláthar seirbhíse. Áirítear ar na prionsabail sin idirghabhálacha sonracha a chur chun feidhme:

- I dteannta a chéile, cumhdach agus éifeachtacht a uasmhéadú;
- I gcomhthéacs gníomhaíochtaí ábhartha eile chun sláinte a chur chun cinn lena ndírítear ar thosca struchtúracha agus aonair a chuireann iompraíocht níos sláintiúla agus/nó iompraíochtaí níos sábháilte chun cinn (e.g. gníomhaíochtaí lena laghdaítear an stiogma agus an t-idirdhealú; iompar níos sábháilte gnéis agus úsáide drugaí a chur chun cinn); agus
- Cur chuige praiticiúil, spriocdhírithe, pobalbhunaithe agus atá dírithe ar an duine a úsáid.

# Príomhréimsí idirghabhála tar éis don phainéal saineolaithe athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar an bhfianaise

Agus leas á bhaint as an bhfianaise is láidre atá ar fáil agus/nó as tuairimí saineolacha fabhracha, agus as an méid a mheastar a bheith ina dhea-chleachtas de réir na dtreoirlínte idirnáisiúnta atá ann cheana féin, sainaithníodh sé phríomhréimse idirghabhála. Ba cheart a mheas gur príomhghnéithe de chur chuige cuimsitheach iad a nglacadh, a bheidh bunaithe ar bhreithniú ar riachtanais oibríochtúla ábhartha agus ar chreataí rialála agus dlíthiúla, chun galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí:

## 1 Trealamh steiriúil insteallta a sholáthar

Snáthaidí agus steallairí steiriúla agus trealamh eile ullmhúcháin drugaí a sholáthar (cócaireáin, scagairí, agus uisce le haghaidh insteallta), lena n-áirítear i bpríosúin agus trí chógaslanna.

## 2 Cóireáil ar spleáchas ar dhrugaí

Cóireáil agónaí ópóideach (OAT) a sholáthar, lena n-áirítear i bpríosúin;

Trealamh steiriúil insteallta a sholáthar in éineacht le OAT;

Faisnéis, oideachas, comhairleoireacht, agus oiliúint i scileanna a thairiscint in éineacht le cláir OAT agus le cláir steallairí agus snáthaidí, lena n-áirítear i bpríosúin.

## 3 Vacsaíniú

Vacsaíní a thairiscint i gcoinne heipitíteas A agus B, ionfhabhtuithe riospráide amhail COVID-19 agus fliú, agus i gcoinne teiteanais chun ionfhabhtuithe agus/nó aimhréidheanna a chosc i ndaoine a insteallann drugaí; ina theannta sin, go háirithe do dhaoine a bhfuil VEID orthu a insteallann drugaí, na vacsaíní niúmacocúil agus papalómaivíris daonna a thairiscint.

## 4 Tástáil le haghaidh galar tógálach

Tástáil dheonach faoi rún a thairiscint go rialta le toiliú feasach agus atá i gcomhréir leis an treoir ábhartha maidir leis an méid seo a leanas:

- Víreas heipitíteas C agus VEID do gach duine a insteallann drugaí;
- Víreas heipitíteas B do gach duine a insteallann drugaí gan vacsaíniú nó le vacsaíniú neamhiomlán;
- STInna (e.g. sifilis, clamaidia, gónairith) do gach duine a insteallann drugaí a bhfuil siomptóim STI orthu agus/nó dóibh siúd a bhfuil riosca níos airde ag baint leo (e.g. comhpháirtithe gnéasacha iomadúla, malartú gnéis ar airgead/druga);
- Galar eitinne do gach duine a insteallann drugaí a bhfuil comharthaí agus siomptóim eitinne orthu, agus/nó dóibh siúd a bhfuil riosca níos airde ag baint leo (e.g. tá nochtadh nó bunriocht thograchta acu).

Ba cheart gach duine a bhfuil toradh dearfach tástála acu a nascadh le cúram.

## 5 Cóireáil in aghaidh galar

Tairiscint:

- Cóireáil fhrithvíreasach dóibh siúd a bhfuil diagnóis acu go bhfuil heipitíteas B orthu agus atá incháilithe le haghaidh cóireála;
- Cóireáil fhrithvíreasach dóibh siúd a bhfuil diagnóis acu go bhfuil heipitíteas C orthu;
- Cóireáil fhrith-aisvíreasach dóibh siúd a bhfuil diagnóis acu go bhfuil VEID orthu;
- Cóireáil frith-eitinne dóibh siúd a bhfuil galar eitinne orthu;
- Cóireáil choisctheach eitinne do dhaoine a bhfuil ionfhabhtú eitinne orthu tar éis galar eitinne a chur as an áireamh;
- Cóireáil le haghaidh galar tógálach eile amhail STInna agus ionfhabhtuithe baictéaracha craicinn mar a léirítear go cliniciúil.

A áirithiú go mbeidh comhar ann idir soláthraithe seirbhíse atá tiomnaithe do dhaoine a insteallann drugaí agus iad siúd a sholáthraíonn cúram galar tógálach chun an nasc le cúram a mhéadú, go háirithe maidir le heipitíteas C.

Tá fianaise ann gur féidir comhlíonadh a neartú le haghaidh cóireáil heipitíteas C ar a laghad trí rannpháirtíocht phiarmheantóirí.

## 6 Seomraí úsáide drugaí a sholáthraíonn saoráidí insteallta faoi mhaoirseacht*

Saoráidí insteallta faoi mhaoirseacht a chur ar fáil chun iompar riosca insteallta a laghdú i measc daoine a insteallann drugaí, rud a d'fhéadfadh dá bharr cur le tarchur heipitíteas C agus VEID a chosc.

*Soláthraíonn formhór na seomraí úsáide drugaí saoráidí insteallta faoi mhaoirseacht. Is suíomhanna cúraim sláinte iad siúd inar féidir le daoine a cheannaigh drugaí in áiteanna eile dul chun a ndrugaí a ghlacadh i dtimpeallacht ghlan, de ghnáth faoi mhaoirseacht foirne atá oilte ó thaobh leighis de. Tá creataí rialála agus dlíthiúla éagsúil ó thír go tír agus beidh tionchar acu siúd ar cé acu an féidir nó nach féidir foráil den chineál sin a chur ar fáil agus ar cén cineál samhlacha oibríochtúla a cheadaítear.

# Ag bogadh ar aghaidh

Táthar ag súil go gcuirfidh cur chun feidhme na n-idirghabhálacha le spriocanna áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach maidir le galair thógálacha má dhéantar iad ar scála leordhóthanach.

Tá réaltacht an chur chun feidhme casta, agus tá difríochtaí ann idir tíortha maidir leis na beartais, na hacmhainní, na córais sláinte, agus na comhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus eipidéimeolaíochta atá acu cheana féin, agus mar sin is fúthu siúd a chuireann an treoir chun feidhme a bheidh sé a chinneadh cad iad na hidirghabhálacha agus na teaglamaí díobh ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh i bhfianaise an chomhthéacs ar leith ina gcuirfear i bhfeidhm iad.

Chun cabhrú le tíortha aistriú ón méid a mholtar sa treoir chun é sin a chur i bhfeidhm, cuirtear 12 shamhail dea-chleachtais ar fáil freisin lena ndéantar cur síos ar idirghabhálacha agus ar chuir chuige atá á n-úsáid go rathúil ag tíortha Eorpacha chun ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí.


I dteannta a chéile, léiríonn siad sin an luach a bhaineann le rannpháirtíocht phiaraí, le cuir chuige ildisciplíneacha, agus le páirt a thabhairt d’altraí i dtástáil phobalbhunaithe, ag nascadh daoine a insteallann drugaí le cúram um ghalair thógálacha agus ag cabhrú leo cloí le cóireáil.

Chomh maith leis na hidirghabhálacha a chur chun feidhme, tá gá le faireachas láidir, le faireachán leanúnach, agus le taighde leanúnach a bhaineann le galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí, agus ba cheart infheistíocht a dhéanamh ann.




**Léigh an treoir iomlán ag:**

https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/prevention-and-control-infectious-diseases-among-people-who-inject-drugs-2023




**Léigh na samhlacha dea-chleachtais ag:**

https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/models-good-practice-community-based-testing-linkage-care-and-adherence-treatment